# CLÁR NA SCOILEANNA GLASA

# PACA GNÍOMHAÍOCHTA

# LOVE 30

Luasteorainneacha níos ísle
ar son Pobail níos Sláintiúla, níos Sásta

30 km/h

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Green-Schools An Taisce

smartertravel>>> >>> schools

# CAD IS LOVE 30 ANN?

I bhFeachtas Love 30, iarrtar ar na hÚdaráis Áitiúla ar fad tuilleadh criosanna 30km/u a thabhairt isteach i gceantair uirbeacha, ach i lár bailte, eastáit tithíochta agus i gcóngar scoileanna agus áiteanna a mbailíonn daoine le chéile go háirithe.



# CAD Í AN LUASTEORAINN AG DO SCOIL?

Cad í an luasteorainn lasmuigh de do scoil?
Cén luasteorainn a bheadh sábháilte lasmuigh de do scoil, dar leat?
Fiosraigh cé na bearta a d'fhéadfá a dhéanamh chun é seo a athrú:

- Faigh amach cén luasteorainn atá i bhfeidhm lasmuigh de do scoil
- Má tá tú ar tí Iniúchadh Insiúltachta a dhéanamh – déan machnamh ar na luasteorainneacha agus bí ag faire ar iompar na dtiománaithe i rith an iniúchta
- Más amhlaidh a rinne tú an tIniúchadh Insiúltachta roinnt mhaith de bhlianta ó shin, seol isteach arís é agus cuir san áireamh leis iarratas ar luasteorainn 30km/u lasmuigh de do scoil
- Déan luas na dtiománaithe a ríomh ar an sean-nós!
- Faigh amach cén áit eile ar domhan a d'eagraigh daoine an feachtas *Love 30* nó an feachtas *20's Plenty.*
- Déan do chuid meirgí, póstaeir, cuirí chuig imeachtaí, cártaí agus cártaí poist Love 30 a dhearadh
- Smaoinigh ar imeacht a óstáil, mar shampla, lá moillithe nó cóisir tae Love 30, nó an dá rud!
- Spreag daoine chun bheith ag comhrá faoi Fheachtas Love 30 agus seol do chuid grianghraf chuig an nuachtán áitiúil
- Ná déan dearmad ar na Seacht gCéim! Coinnigh an scoil, na tuismitheoirí agus an pobail áitiúil ar an eolas agus spreag iad chun bheith rannpháirteach trí ghrianghraif a ghlacadh de do chuid smaointe Love 30 agus iad a roinnt ar láithreán gréasáin do scoile, mar aon le Facebook agus Twitter
- Caith súil ar Fheachtas Love 30 ar Facebook agus Twitter agus tosaigh á leanúint.

# FÍRICÍ GNÍOMHAÍOCHTA



**Nuair is féidir le tuismitheoirí agus páistí dul ag siúl nó ag rothaíocht ina gcomharsanacht, baineann teaghlaigh tairbhe as páistí níos sláintiúla, níos lú struis agus tuilleadh airgid ina bpócaí**

- I ngach cuid eile den Eoraip, tá 30km/u ag teacht chun cinn go tapa mar an ghnáth-luasteorainn i gceantair uirbeacha
- Is in Éirinn a tugadh an lógó agus an téarma Love 30 isteach den chéad uair, agus ba é Ceanada ceann de na tíortha ba thúisce a d’iarr ar Éirinn an bhféadfaidís an téarma ‘Love 30’ a úsáid!
- Cén chaoi ar tosaíodh an rud ar fad? Bhí smaoineamh ag Rod King MBE le linn dó a bheith ag freastal ar imeacht i mBaile Átha Cliath, agus ina dhiaidh sin, bhunaigh sé Feachtas *20’s Plenty* na Ríochta Aontaithe in 2007. Ghnóthaigh an obair sin MBE dó in 2014
- Is oibrithe deonacha amháin a ritheann Love 30 in Éirinn
- Tá pobail á gcur in oiriúint ag Love 30 do thaisteal gníomhach, agus tá ceantair á ndéanamh níos oiriúnaí i gcomhair coisithe, rothaithe agus modhanna taistil eile nach iad

# DEISEANNA LOVE 30



De réir fianaise dhoshéanta, dá laghad an luasteorainn is ea is sábháilte agus is deise na sráideanna do pháistí agus do dhaoine fásta le maireachtáil, bualadh le chéile agus súgradh iontu.

- Aistreoidh Love 30 ár sráideanna uirbeacha agus sráidbhaile, agus ár n-eastáit tithíochta, ó thrébhóthair nach mbíonn orthu ach carranna, ina spásanna beo fuinniúla ina gcuirtear fáilte roimh dhaoine

- Is éard is Love 30 ann ná feachtas faoi stiúir an phobail chun ár mbonneagar pobail féin a chur in oiriúint do thaisteal níos gníomhaí

- Is deis é Love 30 d'údaráis áitiúla eisceachtaí a dhéanamh laistigh de threoirlínte luasteorann an Údaráis chun go mbeadh sé níos sábháilte do dhaoine dul ag siúl agus ag rothaíocht ar scoil

- Téann Love 30 i ngleic le murtall atá ag méadú mar go spreagann sé daoine, idir óg agus aosta, chun dul ag siúl agus ag rothaíocht, agus mar go ngríosaíonn sé páistí le súgradh lasmuigh

- Toisc go méadaíonn Love 30 an líon daoine a bhíonn agus siúl agus ag rothaíocht, bíonn laghdú dá réir ar astaíochtaí carbóin

# DÉAN IMEACHT LOVE 30 A ÓSTÁIL



Cén fáth a ndéanfá imeacht a óstáil? Déan Imeacht a Eagrú/Óstáil chun Luasteorainneacha Níos Ísle a Chur Chun Cinn agus cuirfidh d'obair cos as an ngnó maidir leis na Teorainneacha sin a Shocrú.

**Óstáil Lá Moillithe ag Geata na Scoile**

Cruthaigh póstaeir, meirgí agus mionchomharthaí tráchta scoile
Bíodh gáir Moillithe agat a ghreamóidh in aigne daoine
Tabhair cuireadh do d'Oifigeach Taistil de chuid Chlár na Scoileanna Glasa
Roinn grianghraif ar na meáin shóisialta agus le do nuachtán áitiúil

**Téimis ag Spaisteoireacht Thart**

A luaithe a bheidh d'Iniúchadh Insiúltachta críochnaithe agat, tabhair cuireadh do dhaoine den lucht déanta cinntí agus tuairisceoirí an limistéar lasmuigh de do scoil a shiúl le gur féidir leat na rioscaí atá sainaitheanta agat a chur ar a súile dóibh

Fiafraigh díobh siúd a dhéanann na cinntí cad a dhéanfaidh siad chun áit níos fearr, níos sábháilte a dhéanamh de thimpeallacht na scoile

Iarr ar na tuairisceoirí an cur agus cúiteamh a bhreacadh síos agus na scéalta sin a roinnt trí na meáin chlóite agus chraolta

# DÉAN IMEACHT LOVE 30 A ÓSTÁIL

**Ainmnigh Crann Taca**

Déan daoine a shainaithint a bheadh sásta a bheith ina gcrann taca do do scoil, pobal nó ceantar, agus déan a rannpháirtíocht i do Lá Moillithe a éascú, mar shampla, iarr orthu sínithe a bhailiú ar chártaí achainí nó gealltanais


**Fógair laghdú sealadach ar an luasteorainn ar bhóthar/bhóithre do scoile, áit a bhfuil an Lá Moillithe ar siúl**

Faigh cead ón Údarás Áitiúil athrú sealadach ar na luasteorainneacha a eagrú ar feadh lae, seachtaine, míosa, nó go brách go hidéalach

**Reáchtáil Cóisir Shráide chun tacú le luasteorainneacha níos ísle**

Iarr ar dhaoine a thacaíonn le luasteorainneacha níos moille bailiú le chéile in áit shábháilte. Bí i dteagmháil le tuismitheoirí, cumainn áitiúla agus baill den phobal chun iarraidh orthu an feachtas a chur chun cinn agus a bheith páirteach sa chóisir agus sna gníomhaíochtaí

# BÍODH GNÍOMHAÍOCHT LOVE 30 AGAT



D'fhéadfadh na daltaí iad féin a ghléasadh suas ar an lá – i ndathanna téamúla nó mar úsáideoirí cosáin agus bóthair, ceap Sonóg Love 30 agus gléas suas mar é, agus bíodh duaiseanna agaibh lena chois!

## Faigh Gealltanais ó Thiománaithe agus Tuismitheoirí

Spreag tiománaithe chun do chártaí gealltanais a shíniú agus greamán a chur ar taispeáint ina gcarr le moladh do thiománaithe eile tiomáint níos moille agus géilleadh do rialacha an bhóthair

## Eagraigh Dúshlán um Fhad Coscánaithe

Eagraigh cluiche ar an mbóthar le himirt acu siúd atá ag freastal ar do Lá Moillithe agus ag daoine atá ag dul thar bráid, ina spreagfar iad na faid choscánaithe a thomhas

Tabhair duais do na buaiteoirí, mar shampla, póstaer, greamán nó daighsín eile a forbraíodh don Lá Moillithe, nó dearbhán a chur gnóthas áitiúil ar fáil

## Léirigh tionchar an luais

Cuir póstaer ar taispeáint ina léirítear gurb ionann tuairt 30km/u agus titim ón dara hurlár d'fhoirgneamh, agus gurb ionann tuairt 50km/u agus titim ón gceathrú hurlár d'fhoirgneamh

Smaoinigh ar fhoirgneamh nó struchtúr ard sa cheantar a úsáid leis an méid sin a chur in iúl go soiléir

# ÁBHAIR LOVE 30








Stiallbhratacha Love 30/Clár na Scoileanna Glasa – Le fáil ar iasacht ó d'Oifigeach Taistil

Tá neart greamáin shnasta Love 30 againn – Iarr orainn cuid acu a sheoladh chugat (úsáid ar phíosaí ealaíne, suaitheantais, teastais agus eile iad)

Faoi láthair, tá aistreoga 'Don't be a Fool & Love 30 to School' i stoc ag Clár na Scoileanna Glasa – beir greim orthu sula mbeidh siad ar fad imithe!






# DÉAN TRIAIL LUAIS

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT:

stopuaireadóir, roth landair, fáisc-chlár/páipéar, peann luaidhe agus bratach

1. Roghnaigh achar bóthair agus tomhais é
2. Marcáil do Phointí Tomhais. Roghnaigh láithreacha sábháilte Pointe A agus Pointe B
3. Teicneoir Stopuaireadóra réidh leis an uaireadóir a thosú ag Pointe A a luaithe a rachaidh feithicil thar bráid (Roghnaigh an 'pointe dul thar bráid' chun d'uaireadóir a thosú, m.sh. nuair atá doras tosaigh an chairr os do chomhair) (Déan cleachtadh roimh ré sa chlós!)
4. Ag Pointe B, ardaíonn an Teicneoir Brataí an comhartha nuair atá 'pointe dul thar bráid' na feithicle os a chomhair.
5. Ag Pointe A, stopann an Teicneoir Stopuaireadóra a chlog agus san am céanna, déanann an Cláraitheoir nóta d'am na feithicle sin (agus gach feithicil).
6. Tá sé in am anois don Mhata! Beidh idir an Fad (m) agus an tAm a taifeadadh (soicind) ag teastáil uait. Ansin, tiontaigh go km/u é (tá 3,600 soicind in 1 uair an chloig).

# SAMPLA LOVE 30 LE CUR LE D'INIÚCHADH INSIÚLTACHTA

## Recommendations continued

**Legal**

1. As a Green-School we support the "Love 30" Campaign which calls on all Local Authorities to introduce more 30km/h zones in urban areas, but particularly in town centres, residential estates, and in the vicinity of schools and places of public assembly.
2. The committee feel that the Driver Feedback signs will make a difference to the speed at which cars travel at outside of their school. However, to make the road even safer and pedestrian friendly, lowering the speed limit to 30kph would make the biggest impact.

# FAISNÉIS LE CUR ABHAILE

Seo thíos litir shamplach is féidir a chur abhaile nó a chur chuig tuismitheoirí i ríomhphost. D'fhéadfá í a úsáid freisin i nuachtlitir do scoile.

[AINM NA SCOILE]

[DÁTA]

MAIDIR LE: Imeacht/Lá Feachtais Love 30 [AINM NA SCOILE]

A Thuismitheoir/Chaomhnóir, a chara,

Tá páirt á glacadh againn i gClár na Scoileanna Glasa agus faoi láthair táimid ag obair ar an téama Taistil.

Mar chuid dár n-obair chun taisteal inbhuanaithe chun na scoile agus abhaile a chur chun cinn, táimid ag breathnú ar na luasteorainneacha in aice na scoile agus ar an mbealach chuici.

Rinne an scoil Iniúchadh Insiúltachta maidir leis an Scoil ar na mallaibh agus seo thíos achoimre ar ár dtorthaí:

**Miontuairisc ar an Iniúchadh Insiúltachta**

1.
2.
3.
4.
5.

# FAISNÉIS LE CUR ABHAILE

## Ar leanúint

Mar a fheiceann tú – rinneamar an Luasteorainn a shainaithint mar cheist ba ghá a fhiosrú! Ba bhreá linn dá gcabhródh sibh linn agus dá nglacfadh sibh páirt linn san fheachtas d'fhonn timpeallacht ár scoile a dhéanamh níos sábháilte agus níos báúla ó thaobh shiúl na gcos de.

Seolfar ár nIniúchadh Insiúltachta go gairid mar dhoiciméad foirmiúil chuig Comhairle Contae [iontráil ainm na Comhairle], agus anuas air sin, is mian linn raic chairdiúil a tharraingt faoin luasteorainn.

Ba bhreá linn aon smaointe uait a chloisteáil, abair linn má tá greamán Love 30 uait do do charr agus bí ag faire amach d'eolas faoinár Lá Moillithe agus ár gCóisir Tae Love 30!

Idir an dá linn, féach ar www.greenschoolsireland.org, www.love30.ie agus ar a gcuntais Facebook agus Twitter freisin.

Is mise, le meas,

[AINM NA SCOILE]

Coiste Chlár na Scoileanna Glasa

# FAISNÉIS CHUIG D'ÚDARÁS ÁITIÚIL

Seo thíos litir shamplach is féidir leat a chur in eagar mar is cuí. Seol chuig d'Údarás Áitiúil í, cibé acu in éineacht le d'Iniúchadh Insiúltachta, mar litir leantach tamall tar éis an tIniúchadh a chur isteach nó mar chuid d'Fheachtas Ealaíne Love 30 i gcomhair Lá Fhéile Vailintín

[AINM NA SCOILE]

[DÁTA]

MAIDIR LE: Feachtas Love 30 ag [AINM NA SCOILE]

A Chomhairle Contae [LE hIONTRÁIL]

Tá páirt á glacadh againn i gClár na Scoileanna Glasa agus faoi láthair táimid ag obair ar an téama Taistil.

Mar chuid dár n-obair chun taisteal inbhuanaithe chun na scoile agus abhaile a iniúchadh agus a chur chun cinn, táimid ag breathnú ar na luasteorainneacha in aice na scoile agus ar an mbealach chuici.

Rinne an scoil Iniúchadh Insiúltachta maidir leis an Scoil ar na mallaibh agus seo thíos achoimre ar ár dtorthaí:

**Miontuairisc ar an Iniúchadh Insiúltachta**

1.
2.
3.
4.
5.

Mar a fheiceann tú – rinneamar an Luasteorainn a shainaithint mar cheist ba ghá a fhiosrú! Ba bhreá linn dá smaoineodh sibh air seo, dá gcabhródh sibh linn agus dá nglacfadh sibh páirt linn san fheachtas d'fhonn timpeallacht ár scoile a dhéanamh níos sábháilte agus níos báúla ó thaobh shiúl na gcos de.

Seoladh isteach ár nIniúchadh Insiúltachta mar dhoiciméad foirmiúil chuig Comhairle Contae [IONTRÁIL] ar an [DÁTA]

# FAISNÉIS CHUIG D'ÚDARÁS ÁITIÚIL

## Ar leanúint

An féidir leat a rá linn cé na bearta a theastaíonn le luasteorainn 30km/u a chur i bhfeidhm ag ár scoil, áit a bhfuil luasteorainn [50 60 80 100 km/u SCRIOS MAR IS CUÍ] i bhfeidhm faoi láthair? Tá foireann na Scoile, mar aon leis na daltaí, tuismitheoirí agus baill den phobal áitiúil, ag dréim le luasteorainn 30km/u a bhaint amach.


Beidh ár gcéad Lá Feachtais de chuid Love 30 á óstáil againn ar an [DÁTA ag AM] agus ba mhór againn tú a bheith i láthair. RSVP faoin [DÁTA] chuig [AINM/RÍOMHPHOST/GUTHÁN]

Is mise, le meas,

[AINM NA SCOILE]

Coiste Chlár na Scoileanna Glasa

# LITIR SHAMPLACH Ó PHRÍOMHOIDE CHUN TACÚ LE LUASTEORAINN (SHEASTA) 30KM/U



SUBJECT: Love 30 speed limit request [SCHOOL NAME] [To Local Authority/County Councillors/Other]

DRAFT

Dear

I am a Principal at [SCHOOL NAME] in [LOCATION].

We are taking part in the Green-Schools programme and are now working on the Travel theme. Our work on the travel theme involves promoting sustainable travel to and from our school.

Our 2019 Green-Schools Committee together with An Taisce recently sent your Local Authority a Walkability Audit Report.

In the walkability audit we considered the infrastructure on a route(s) [INSERT ROAD etc] to and from our school. In addition we also considered the speed limits in the vicinity of the school and their appropriateness.

We are very supportive of Ireland's Love 30 Campaign and we wish to request the introduction of 30 kph limits using a set of Permanent Speed Limit Signs in the vicinity of our schools. [INSERT ROADS and NUMBER OF SIGNS REQUIRED] [Possibly request road painting of Roundels]

We have noted that Laois County Council's Road Design office for example have identified speed as an issue today and are very much at the forefront of the installation of Speed Limit Signs in the vicinity of schools and also the setting of 30kph Speed Limit Signs in urban settings (that go beyond the residential estates) such as Portlaoise town and Portarlington. We are also aware that Dublin City Council have advanced greatly in the setting and introduction of 30kph limits as well as pre and post limit studies which indicate that people living and using these areas would not wish to see a return to previous higher speed limits.

We understand the speed limit signs we are requesting will incur additional costs on the 2019 budget, however we feel in the long run these costs are comparatively small and would certainly be outweighed by the benefits of increased participation of children travelling to school in more sustainable ways which would see long term benefits of healthier active populations accustomed to healthier active travel and reduced reliance on trips by car. [for a busy village you could also mention the reduced speed will reduce road noise from traffic and create a more pleasant environment for local people out and about in their community]

We believe the setting of 30 kph limits around the school and in the area will a journey to school that is safer and more equitable and enjoyable experience for our school going children, their parents, grandparents and guardians who would accompany the children.

We would welcome a visit from a member of your team who might discuss with us the potential location of the signage, it would also be very interesting and engaging for our pupils to hear about the work the Local Authority do in this field as well as the necessary Bye-laws required in setting of new speed limits.


I along with my pupils look forward to hearing from you.

Yours Sincerely

[PRINCIPAL]

[Note you could also attach some speed recordings]

# LITIR SHAMPLACH Ó PHRÍOMHOIDE CHUN TACÚ LE LUASTEORAINN (THRÁTHRIALTA) 30KM/U


SUBJECT: Love 30 speed limit request [SCHOOL NAME] (To Local Authority/County Councillors/Other]

DRAFT

Dear

I am a Principal at _[SCHOOL NAME] in [LOCATION].

We are taking part in the Green-Schools programme and are now working on the Travel theme. Our work on the travel theme involves promoting sustainable travel to and from our school.

Our 2019 Green-Schools Committee together with An Taisce recently sent your Local Authority a Walkability Audit Report.

In the walkability audit we considered the infrastructure on a route(s) [INSERT ROAD etc] to and from our school. In addition we also considered the speed limits in the vicinity of the school and their appropriateness.

We are very supportive of Ireland's Love 30 Campaign and we wish to request the introduction of 30 kph limits using a set of Periodic Speed Limit Signs. Examples of which are in situ at Rosenallis National School, Rosenallis and Castlecuffe National School, Castlecuffe, County Laois. We have noted that Laois County Council's Road Design office have identified speed as an issue today and are very much at the forefront of the installation of Periodic Speed Limit Signs in the vicinity of schools and also the setting of permanent 30kph Speed Limit Signs in urban settings (that go beyond the residential estates] such as Portlaoise town and and Portarlington.

We understand the speed limit signs we are requesting are expensive and cost in the region of €6000 each, however we feel in the long run the costs would be far outweighed by the benefits of increased participation of children travelling to school in more sustainable ways which would see long term benefits of healthier active populations accustomed to healthier active travel and reduced reliance on trips by car.

We believe the setting of 30 kph limits around the school arrival and departure times would would make the final, busier and possible most dangerous part of the journey to school a safer and more equitable and enjoyable experience for our school going children, their parents, grandparents and guardians who would accompany the children.

We would welcome a visit from a member of your team who might discuss with us the potential location of the signage, it would also be very interesting and engaging for our pupils to hear about the work the Local Authority do in this field as well as the necessary Bye-laws required in setting of new speed limits.


I along with my pupils look forward to hearing from you.

Yours Sincerely

[PRINCIPAL]

[NB your could also attach some speed recordings]

# ACHAINÍ



PETITION FOR 30KM/HR PERIODIC SPEED LIMIT

We, the undersigned, residents of ……………………………………………………………… …………………………City/County Council ………………………………… hereby call on to introduce 30 km/h speed limits in the following locations:

There is overwhelming evidence that lower speed limits make streets safer and more pleasant places for children and adults to live, socialise, work and play. We believe that a 30km/h speed limit would reduce the number of motor vehicle collisions in our area and would reduce the number and severity of injuries to motor vehicle passengers, pedestrians and cyclists.

| SIGNATURE | NAME | ADDRESS |
| --- | --- | --- |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

30

smarter travel >>>
>>> achieve


Love 30
30
km/h
Slow Down for our children's sake


SLOW DOWN
We are cycling to school today!


Save Lives
#SlowDown
30 km/h
Téigh go mall!


30 km/h
Love 30
Safer
Greener
Quieter
Streets
Save Lives


30 km/h


30 km/h


LOVE 30
SLOW


LOVE 30
Green-Schools
30


CHILDREN CROSSING
LOVE 30


LOVE 30
SLOW
SLOW
CHILDREN CROSSING
SLOW
SLOW
LOVE 30


SEE ME
CHILDREN CROSSING
LOVE 30

CO. NA hIARMHÍ







CO. LAOISE

# LOVE 30 – LÁ FHÉILE VAILINTÍN

Is deis iontach é Lá Fhéile Vailintín i d'fhéilire – Smaoinigh ar Thaispeántas Ealaíne nó Punann Grianghraf maidir le Love 30 a sheoladh chuig an gComhairle Contae áitiúil – Dírigh ar an lucht déanta cinntí agus orthu siúd ar féidir leo tionchar a imirt ar dhaoine. Déan coinne fiú chun é a chur faoina mbráid go pearsanta agus déan deis dea-phoiblíochta de – iarr cabhair ar d'Oifigeach Taistil de chuid Chlár na Scoileanna Glasa freisin!









## STAITISTICÍ LOVE 30

**Ag 30km/u**
**Gheobhaidh 1 as 10 bás**



**Ag 50km/u**
**Gheobhaidh 5 as 10 bás**



**Ag 60km/u**
**Gheobhaidh 9 as 10 bás**



# LOVE 30 GO hIDIRNÁISIÚNTA


An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte

"Maidir le bóithre ar a bhféadfadh tuairteanna tarlú idir feithiclí agus coisithe, rothaithe agus úsáideoirí leochaileacha bóthair eile, is é 30km/u an luas sábháilte.

Chun an luas sábháilte sin a bhaint amach, ba chóir go mbeadh an chumhacht reachtach ag údaráis áitiúla na teorainneacha a laghdú de réir mar is gá chun cosaint níos fearr a thabhairt dóibh siúd a úsáideann na bóithre.

Lena hais sin, chun tiománaithe a chur ar an eolas faoi luasteorainneacha, ba chóir go mbeadh na luasteorainneacha dlíthiúla curtha in airde ar chomharthaí bóthair agus ba chóir go ndéanfaí an dlí a fhorfheidhmiú go dian."

*Seachtain Dhomhanda na NA um Shábháilteacht ar Bhóithre, Bealtaine 2017*




Sraith Straitéisí Moillithe na NA – Arna Forbairt ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus 20's Plenty na Ríochta Aontaithe

http://www.who.int/violence_injury_prevention/publications/road_traffic/SlowDown_Days/en/

# PÓSTAER AGUS GEALLTANAS LOVE 30







# CUIREADH LOVE 30



# BILEOG DATHÚCHÁIN LOVE 30



LOVE30

www.greenschoolsireland.org

www.love30.ie

# BILEOG DATHÚCHÁIN LOVE 30



LOVE30

www.greenschoolsireland.org

www.love30.ie

# BILEOG DATHÚCHÁIN LOVE 30



LOVE30

www.greenschoolsireland.org

www.love30.ie

# TEASTAS RANNPHÁIRTÍOCHTA
# Ó CHLÁR NA SCOILEANNA GLASA



# NAISC ÚSÁIDEACHA MAIDIR LE LOVE 30




http://www.20splenty.org/our_videos

***Rod King MBE** bunaitheoir 20's Plenty na Ríochta Aontaithe*




https://www.irishtimes.com/news/environment/dublin-city-council-committee-accepts-30km-h-limits-1.3627240

***Mairead Forsyth ball bunaidh Fheachtas Love 30 na hÉireann***

# MEÁIN AR LÍNE MAIDIR LE LOVE 30

Faigh amach faoi fheachtais Love 30 eile ar fud an domhain agus b'fhéidir go bhféadfá smaointe a roinnt / deis nasctha a aimsiú!

@Love30ie

Feachtas Love 30



# CÉARD BA CHÓIR DUIT A DHÉANAMH ANOIS?

- Dírigh ar cad ba mhaith leat a dhéanamh agus a bhaint amach
- Iarr cuidiú ar d'oifigeach taistil freisin
- Bí ag faire amach i gcomhair eolas nuashonraithe agus nuachta
- Bain taitneamh as Love 30 – Craic iontach a bheidh ann!

